

GAEILGE AGUS FÁILTE

ar Raidió Pobail Chuan na Scairbhe, Dé Domhnaigh 7/3/21 @ 4pm

Triúr cairde ag comhrá áit éigin san Iodáil

(Three friends chat in a hotel somewhere in Italy)

Bernadette: Dia duit, C!

Carol: Dia is Muire duit, B.

Bernadette: Dia duit, T..!

T: Conas atá sibh?

C: Ó go breá, go raibh maith agat!

B: Níl caill ar bith orm. *(There's no loss on me.)*

C: Nach bhfuil an áit seo go hálainn? Bíonn an ghrian ag taitneamh anseo i gcónaí!
(Isn't this place lovely? The sun is always shining here!)

T: Tá sé go hálainn! Is aoibhinn liom an Iodáil. *(It's lovely! I love Italy.)*

B: Mise freisin. Bhí an ceart againn teacht anseo ar ár laethanta saoire. *(Me too. We were right to come here on our holidays.)*

C: Bhí an ceart againn cinnte! Bhí an t-ádh orainn an t-óstán seo a fháil. Is aoibhinn liom an linn snámh. *(We were for sure! We were lucky to get this hotel. I love the swimming pool.)*

T: Mise freisin. Is breá liom bheith ag snámh.
(Me too. I love swimming.)


B: Ach is fearr liom an bhialann! *(But I prefer the restaurant.)*

C: Bhí an dinnéar aréir an-bhlasta ar fad.
(Last night's dinner was very tasty altogether.)

B: Bhí go deimhin! Thaitin sé go mór liom. Na milseoga ach go háirithe! *(It was indeed! I really liked it. Especially the desserts!)*

T: Bhí an pizza an-bhlasta. *(The pizza was very tasty / delicious.)*

- C:** Thaitin an fíon go mór liomsa. Bhuel, ba mhaith liom dul ag siúl anois. Beidh dinnéar eile againn ar a seacht a chlog!
(I really liked the wine. Well, I'd like to go for a walk now. We'll have another dinner at 7 o'clock!)
- T:** Ba mhaith liomsa dul ag siopadóireacht. Caithfidh mé bronntanas a fháil don bhean chéile!
(I'd like to go shopping. I have to get a present for the wife!)
- B:** Rachaidh mé in éineacht leatsa, Carol. Buailfidh leat san óstán níos déanaí, Terry.
(I'll go with you C. We'll meet you later in the hotel, T.)
- T:** Ceart go leor. Slán go fóill. *(Grand. Bye for now.)*
- C:** Slán leat T!
- T:** Slán libh. Agus go n-éirí an bóthar libh!
(Goodbye. And may the road rise with you!)



Cúpla seanfhocal

Is maith an t-anlann an t-ocras.

Hunger is a good sauce.

Is maith an scéalaí an aimsir.

Time will tell.